2023/2866

18.12.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2866 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Nollaig 2023

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na nósanna imeachta a chinneadh chun fíorú inseirbhíse na luachanna astaíochtaí CO_2 agus ídithe breosla de ghluaisteáin paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma a dhéanamh (fíorú inseirbhíse)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO_2 do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 443/2009 agus (AE) Uimh. 510/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(9), an tríú fomhír, agus Airteagal 13(4), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Éilítear ar an gCoimisiún in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2019/631 fíorú inseirbhíse a dhéanamh ar luachanna astaíochtaí CO_2 agus ídithe breosla na bhfeithiclí.

(2) Chun a áirithiú go mbeidh an fíorú inseirbhíse ionadaíoch, ba cheart do na húdaráis chineálcheadaithe deonaithe íoslíon finte feithiclí a roghnú chun tástáil a dhéanamh orthu. Is beart iomchuí é go bhfaighfí sineirgí idir fíorú inseirbhíse na n-astaíochtaí CO_2 agus na seiceálacha comhréireachta inseirbhíse a dhéanfaí d'astaíochtaí truailleán.

(3) Chun díriú ar na finte fíoraithe inseirbhíse sin lena mbainfeadh an riosca ab airde go n-áireofaí feithiclí ag a bhfuil diall sna luachanna astaíochtaí CO_2 agus ídithe breosla ó na luachanna sonracha astaíochtaí CO_2 agus ídithe breosla arna dtaifeadadh sa deimhniú comhréireachta, ba cheart don údarás cineálcheadaithe deonaithe na finte fíoraithe inseirbhíse sin a roghnú lena bhfíorú a bhfuil fianaise faighte ag an údarás ina leith a léiríonn go leordhóthanach, dar leis, go bhféadfadh diall den sórt sin a bheith ann, agus an méid sin á chomhlánú le finte fíoraithe inseirbhíse a roghnófaí ar bhonn measúnú riosca a bheidh le déanamh ag an gCoimisiún.

(4) Chun a áirithiú go dtabharfaí cumhdach leordhóthanach le gach cineál tástála, is beart iomchuí é go socrófaí íoschéatadán d'fhinte a bheadh le cumhdach ag gach cineál tástála, bunaithe ar an líon iomlán finte fíoraithe inseirbhíse dá bhfuil cineálcheaduithe astaíochtaí eisithe ag an údarás cineálcheadaithe deonaithe, lena n-áirítear síntí le cineálcheadú astaíochtaí lena mbainfeadh athruithe ar na luachanna astaíochtaí CO_2 atá dearbhaithe.

(5) Óir déantar na luachanna astaíochtaí CO_2 agus luachanna ídithe breosla a thaifeadtar sa deimhniú comhréireachta a chinneadh ar bhonn na tástála cineálcheadaithe, is beart iomchuí é a éileamh go mbeadh na feithiclí a roghnófaí don tástáil fíorúcháin inseirbhíse i riocht comhchosúil leis na cinn a thástáiltear le linn an chineálcheadaithe, go háirithe trí cheanglais a shocrú dá míleáiste uasta agus dá n-aois.

(6) Chun an t-ualach tástála a theorannú, ba cheart don údarás cineálcheadaithe deonaithe a bheith in ann na fachtóirí ceartúcháin céanna do ríomh astaíochtaí CO_2 na feithicle a chur i bhfeidhm leis na cinn don chineálcheadú nó, má mheasann sé go bhfuil gá ann ceann amháin nó níos mó de na fachtóirí sin a fhíorú, lena gcinneadh mar chuid den fhíorú inseirbhíse trí na tástálacha céanna a dhéanamh lena ndéanfaí don chineálcheadú.

(7) Maidir le feithiclí leictreacha hibrideacha arna luchtú go seachtrach ('OVC-HEV'), níor cheart toradh na tástála fíoraithe inseirbhíse raoin rollaigh a bhunú ach ar an mód cothaithe luchtaithe agus ba cheart faisnéis maidir leis na paraiméadair ábhartha sa mhód ídithe luchta a bhailiú chun measúnú a cheadú maidir le cé acu a bheadh nó nach mbeadh gá le coigeartú amach anseo.

([1]) IO L 111, 25.4.2019, lch. 13.

(8) Chun fíorú inseirbhíse a chumasú amach anseo ar chruinneas na bhfeistí faireacháin breosla agus/nó ídithe fuinnimh ar bord ('feiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh') atá suiteáilte sna feithiclí, is beart iomchuí é na luachanna arna dtaifeadadh ag an bhfeiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh le linn na tástála fíoraithe inseirbhíse raoin rollaigh a bhailiú.

(9) Chun nach measfaí méid an diallta sna luachanna astaíochtaí CO_2 d'aon fheithicil laistigh d'fhine fíoraithe inseirbhíse faoina luach, ba cheart méid an diallta a bheith bunaithe ar chóimheas meánach na luachanna astaíochtaí CO_2 a chinntear ó na tástálacha inseirbhíse leis an luach astaíochtaí CO_2 arna thaifeadadh sa deimhniú comhréireachta, agus ar luach astaíochtaí CO_2 an uasphointe feithicle den fhine fíoraithe inseirbhíse sin.

(10) Chun meastóireacht a dhéanamh ar thoradh na tástála ualaigh friotaíochta bóthair in aghaidh an luacha astaíochtaí CO_2 a thuairiscítear i ndeimhniú comhréireachta na feithicle, ba cheart an luach astaíochtaí CO_2 atá comhfhreagrach do thoradh na tástála ualaigh friotaíochta bóthair a ríomh leis an modh idirshuímh a cuireadh i bhfeidhm ar chineálcheadú nó, i gcás nár cuireadh an modh sin i bhfeidhm, le cóimheas meánach cineálach na luachanna astaíochtaí CO_2 atá sonrach do chineál breosla leis an éileamh ar fhuinneamh timthrialla.

(11) Chun straitéis shaorga a bhrath, a oibrítear le linn na dtástálacha cineálcheadaithe amháin agus nach n-oibrítear le linn ghnáthoibriú inseirbhíse, beidh sé ríthábhachtach nach eol na dálaí tástála sonracha roimh ré agus, dá bhrí sin, ba cheart don údarás cineálcheadaithe deonaithe na dálaí do na tástálacha tiomnaithe maidir le straitéis shaorga a chinneadh ar bhonn cás ar chás.

(12) I bhfianaise nach féidir eolas a chur ar chineál beacht na straitéisí saorga roimh ré, ba cheart don údarás cineálcheadaithe deonaithe an anailís agus an mheastóireacht ar thorthaí na tástála straitéise saorga a dhéanamh ar bhonn comparáid idir na torthaí a fhaightear faoi dhálaí difriúla tástála.

(13) Chun torthaí na tástála a dhoiciméadú agus foráil a dhéanamh maidir le hanailís bhreise orthu, ba cheart don údarás cineálcheadaithe deonaithe tuarascáil na tástála a chur ar fáil don Choimisiún agus don mhonaróir lena mbaineann. Chun tacú leis an measúnú riosca arna dhéanamh ag an gCoimisiún, is beart iomchuí é a éileamh go gcuirtear na sonraí tástála faoi bhráid an Choimisiúin freisin, trí ardán tiomnaithe.

(14) I gcás inarb ann do dhiall sna luachanna astaíochtaí CO_2 a fhaightear, ba cheart an deis a thabhairt don mhonaróir lena mbaineann freagra a thabhairt ar na torthaí ón údarás cineálcheadaithe deonaithe, lena n-áirítear trí fhianaise a chur ar fáil lena dtabharfaí agóid in aghaidh na dtorthaí sin. Chun síneadh míchuí ar an bpróiseas fíorúcháin inseirbhíse a sheachaint, is beart réasúnach é teorainn a chur leis an tréimhse freagartha don mhonaróir.

(15) I gcás ina bhfaightear easpa comhfhreagrais idir luachanna astaíochtaí CO_2 nó idir láithreacht aon straitéise lena gcuirtear feabhas saorga ar fheidhmíocht feithicle de thoradh na bhfíoruithe inseirbhíse a rinneadh, ba cheart astaíochtaí sonracha CO_2 na bhfeithiclí uile den fhine fíoraithe inseirbhíse nó, i gcás inarb infheidhme, den fhine ualaigh friotaíochta bóthair, a cheartú, i bhfianaise go meastar sampla na feithicle tástála a bheith ionadaíoch ar an bhfine fíoraithe inseirbhíse uile nó, i gcás inarb infheidhme, ar an bhfine iomlán ualaigh friotaíochta bóthair. Sa chás sin, ba cheart don údarás cineálcheadaithe freagrach na bearta is gá a dhéanamh a leagtar amach i gCaibidil XI de Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), chomh maith le ceartúchán na ndeimhnithe comhréireacha a áirithiú.

(16) Óir tá na nósanna imeachta tástála le haghaidh fíorú inseirbhíse bunaithe ar an nósanna imeachta tástála comhchuibhithe domhanda d'fheithiclí éadroma ('WLTP') a leagtar amach i Rialachán 154 ó na Náisiúin Aontaithe ([3]), is féidir ceartúchán ar na meánastaíochtaí sonracha CO_2 de mhonaróir a chur i bhfeidhm ag tosú ó 2021, óir is ón uair sin i leith atá na meánastaíochtaí sonracha CO_2 sin bunaithe ar an WLTP. Ba cheart an deis a thabhairt do mhonaróir fógra a thabhairt faoi earráidí sna ceartúcháin a chuirtear i bhfeidhm, mar chuid den nós imeachta atá ann cheana um fhógra a thabhairt le linn an phróisis faireacháin ar astaíochtaí CO_2.

([2]) Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE, (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).

([3]) Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe — Forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le ceadú feithiclí paisinéirí agus tráchtála saothair éadroim maidir le hastaíochtaí critéar, astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin agus ídiú breosla agus/nó tomhas an ídithe fuinnimh leictrigh agus an raoin leictrigh (WLTP), (IO L 290, 10.11.2022, lch. 1).

(17) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Athrú Aeráide,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leis an Rialachán seo, cinntear na nósanna imeachta lena fhíorú go gcomhfhreagraíonn na luachanna astaíochtaí agus ídithe breosla CO_2 a thaifeadtar sna deimhnithe comhréireachta do na hastaíochtaí CO_2 agus d'ídiú breosla inseirbhíse na bhfeithiclí, agus na nósanna imeachta d'fhíorú láithreacht aon straitéise ar bord nó a bhaineann leis na feithiclí lena gcuirtear feabhas saorga ar fheidhmíocht na feithicle sna tástálacha a dhéantar chun críoch an chineálcheadaithe ('fíorú inseirbhíse').

2. Leis an Rialachán seo freisin, bunaítear rialacha mionsonraithe maidir leis na nósanna imeachta chun dialltaí a thuairisciú a aimsítear sna hastaíochtaí CO_2 d'fheithiclí inseirbhíse i gcomparáid leis na hastaíochtaí CO_2 sonracha a thaifeadtar sna deimhnithe comhréireachta de thoradh fíorú inseirbhíse agus maidir leis na dialltaí sin a chur san áireamh agus meánastaíochtaí sonracha CO_2 an mhonaróra á ríomh.

3. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) feithiclí a dhíolmhaítear ó astaíochtaí CO_2 a thomhas;

(b) monaróirí atá, in éineacht leis na gnóthais uile atá nasctha leo, freagrach as níos lú ná 1 000 gluaisteán paisinéirí nua nó níos lú ná 1 000 feithicil tráchtála éadrom nua a cláraíodh san Aontas sa bhliain féilire 2 bhliain roimh an mbliain féilire ina roghnaítear finte fíoruithe inseirbhíse i gcomhréir le hAirteagal 3.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críoch an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún ([4]), Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2019/631, mír 3 de Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe agus Airteagal 2 de Rialachán (AE) Tarmligthe 2023/2867 ón gCoimisiún ([5]).

Ina theannta sin, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'diall sna luachanna astaíochtaí CO_2' an cás inarb airde astaíochtaí CO_2 d'fheithiclí ná na hastaíochtaí sonracha CO_2 a thaifeadtar sna deimhnithe comhréireachta, agus an mheastóireacht staidrimh ar na tástálacha á cur san áireamh i gcomhréir le hIarscríbhinn I;

(2) ciallaíonn 'tástáil raoin rollaigh' tástáil raoin rollaigh i gcomhréir le hIarscríbhinn B6 agus Iarscríbhinn B8 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe, a dhéantar ar fheithicil inseirbhíse;

(3) ciallaíonn 'tástáil raoin rollaigh' tástáil raoin rollaigh i gcomhréir le hIarscríbhinn B4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe, a dhéantar ar fheithicil inseirbhíse;

(4) ciallaíonn 'tástáil straitéisí saorga' tástáil thiomnaithe a dhéantar ar fheithicil inseirbhíse, chun a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil straitéisí saorga i láthair;

([4]) Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2017 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí, lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún agus Rialachán (AE) Uimh. 1230/2012 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún (IO L 175, 7.7.2017, lch. 1).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) C(2023)6627 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na prionsabail agus na critéir threoracha a leagan amach lena sainítear na nósanna imeachta chun luachanna astaíochtaí CO_2 agus ídithe breosla gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma inseirbhíse a fhíorú (fíorú inseirbhíse) (IO L, 2023/2867, 18.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2867/oj).

(5) ciallaíonn ‘uasphointe feithicle den fhine fíoraithe inseirbhíse’ uasphointe feithicle d’aon cheann de na finte idirshuímh a áirítear leis an bhfine fíoraithe inseirbhíse ag a bhfuil an luach dearbhaithe is airde maidir le hastaíochtaí CO_2.

Airteagal 3

Roghnú na bhfinte fíoraithe inseirbhíse

1. Beidh an líon finte fíoraithe inseirbhíse a roghnófar gach bliain ag údarás cineálcheadaithe deonaithe ar a laghad 2 % den líon iomlán finte fíoraithe inseirbhíse dár eisigh an t-údarás sin cineálcheaduithe astaíochtaí sna 3 bliana féilire roimh an bhfíorú inseirbhíse.

2. Le linn dó a bheith ag roghnú finte fíoraithe inseirbhíse i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2867 ón gCoimisiún, déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe an méid seo a leanas:

(a) gach fine fíoraithe inseirbhíse dá bhfuair sé fianaise ina leith sna 12 mhí roimhe sin ón gCoimisiún, ó údarás cineálcheadaithe, ó údaráis faireachais margaidh nó ó thríú páirtí a chomhlíonann ceanglais Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/163 ón gCoimisiún ([6]), ina dtugtar le fios diall a bheith le fáil sna luachanna astaíochtaí CO_2;

(b) finte breise fíoraithe inseirbhíse a roghnú ar bhonn an mheasúnaithe ag an gCoimisiún ar an mbaol go n-áireofaí leis na finte sin feithiclí ag a bhfuil diall sna luachanna astaíochtaí CO_2, mar a thuairiscítear i gcomhréir le mír 3.

3. Le linn dó a bheith ag déanamh an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), cuirfidh an Coimisiún san áireamh na heilimintí seo a leanas ar a laghad, de réir mar a bheidh siad ar fáil:

(a) an líon iomlán feithiclí nua ón bhfine fíoraithe inseirbhíse atá curtha ar mhargadh an Aontais;

(b) finte fíoraithe inseirbhíse ag a bhfuil saintréithe teicniúla comhchosúla ach ag a bhfuil luachanna níos ísle astaíochtaí CO_2 nó ídithe breosla, arna sainaithint leis na sonraí a bailíodh de bhun Airteagal 14 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/392 ón gCoimisiún ([7]);

(c) na torthaí ó na fíoruithe inseirbhíse roimhe seo, agus go háirithe na torthaí i ndáil le láithreacht straitéisí saorga;

(d) faisnéis ábhartha ó thástálacha comhréireachta inseirbhíse de bhun Rialachán (AE) 2017/1151;

(e) fíorshonraí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(c) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/392.

4. Gach bliain, faoin 31 Nollaig, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil ina dtugtar tuairisc ar an modheolaíocht a úsáideadh don mheasúnú dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), agus ar phríomhthorthaí a mheasúnaithe a rinneadh sa bhliain sin. Beidh liosta finte fíoraithe inseirbhíse sa tuarascáil freisin ag a bhfuil an riosca is airde go n-áireofaí feithiclí ag a bhfuil diall sna luachanna astaíochtaí CO_2.

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/163 ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2022 lena leagtar síos na rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais fheidhmiúla maidir le faireachas margaidh ar fheithiclí, ar chórais, ar chomhpháirteanna agus ar aonaid theicniúla ar leithligh (IO L 27, 8.2.2022, lch. 1).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/392 ón gCoimisiún an 4 Márta 2021 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar shonraí a bhaineann le hastaíochtaí CO_2 ó ghluaisteáin paisinéirí agus ó fheithiclí tráchtála éadroma de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1014/2010, (AE) Uimh. 293/2012, (AE) 2017/1152 agus (AE) 2017/1153 ón gCoimisiún (IO L 77, 5.3.2021, lch. 8).

Airteagal 4

Cineál agus líon na dtástálacha fíorúcháin inseirbhíse

1. Maidir le gach fine fíoraithe inseirbhíse a roghnaítear i mbliain féilire faoi leith i gcomhréir le hAirteagal 3, tabharfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe sa bhliain sin faoi cheann amháin ar a laghad de na tástálacha seo a leanas ar na feithiclí a roghnaítear, agus an dáileadh seo a leanas á áirithiú:

(a) tástálacha raoin rollaigh le haghaidh ar a laghad 75 % de na finte fíoraithe inseirbhíse a roghnaítear;

(b) tástálacha ualaigh friotaíochta bóthair le haghaidh ar a laghad 50 % de na finte fíoraithe inseirbhíse atá roghnaithe, cé is moite d'fhinte fíoraithe inseirbhíse dá bhfuil an modh réamhshocraithe ríomha ualaigh friotaíochta bóthair curtha i bhfeidhm dá gcineálcheadú;

(c) tástálacha straitéisí saorga le haghaidh ar a laghad 25 % de na finte fíoraithe inseirbhíse a roghnaítear.

2. Maidir le gach fine fíoraithe inseirbhíse a roghnaítear, déanfar an líon feithiclí seo a leanas a thástáil:

(a) le haghaidh tástálacha raoin rollaigh agus ualaigh friotaíochta bóthair: idir 3 agus 10 bhfeithicil i gcomhréir leis an modh ar a dtugtar tuairisc in Iarscríbhinn I;

(b) Le haghaidh tástálacha straitéisí saorga: 1 fheithicil amháin ar a laghad.

3. Féadfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe cinneadh a dhéanamh torthaí ó thástáil fíorúcháin inseirbhíse arna ndéanamh ag an gCoimisiún, údarás cineálcheadaithe eile, údarás faireachais margaidh nó tríú páirtí a chomhlíonann ceanglais Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/163 ón gCoimisiún a chur san áireamh sa mhodh staidrimh ar a dtugtar tuairisc in Iarscríbhinn I má chomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) cuirtear an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe ar an eolas faoin tástáil atá le teacht chun ceadú don údarás cineálcheadaithe deonaithe breathnú ar an tástáil;

(b) tuairiscítear gach toradh ón tástáil fíorúcháin inseirbhíse don údarás cineálcheadaithe deonaithe laistigh de 5 lá ó gach tástáil.

Airteagal 5

Roghnú na bhfeithiclí tástála aonair

1. Roghnóidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe feithiclí tástála, a chomhlíonann na critéir seo a leanas tráth an roghnúcháin:

(a) tá míleáiste bainte amach acu idir 3 000 km agus 40 000 km

(b) ní sine ná 2 bhliain d'aois iad arna gcomhaireamh ó dháta a gcéad chlárúcháin.

2. D'ainneoin mhír 1, i gcás nach féidir le húdarás cineálcheadaithe deonaithe líon leordhóthanach feithiclí a chomhlíonann na critéir sin a roghnú, féadfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe feithiclí tástála a roghnú, a chomhlíonann na critéir uile seo a leanas tráth an roghnúcháin:

(a) tá míleáiste bainte amach acu idir 3 000 km agus 100 000 km

(b) ní sine ná 5 bliana d'aois iad arna gcomhaireamh ó dháta a gcéad chlárúcháin.

3. Déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe a fhíorú agus a áirithiú go bhfuil na feithiclí tástála i mbail atá ionadaíoch ar fheithicil arna cothabháil agus arna húsáid i gceart, agus go bhfuil na saintréithe acu a taifeadadh sa deimhniú comhréireachta, trí bhíthin an tseicliosta feithiclí a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

Airteagal 6

Dálaí tástála do na tástálacha raoin rollaigh

1. Maidir le gach feithicil tástála a roghnaítear chun tástáil raoin rollaigh a dhéanamh uirthi, socrófar socruithe ualaigh an raoin rollaigh dá dtagraítear i mír 8 d'Iarscríbhinn B4 a ghabhann le Rialachán 154 ó na Náisiúin Aontaithe de réir na gcomhéifeachtaí ualaigh friotaíochta bóthair f_0, f_1, f_2 agus na maise tástála a shonraítear i ndeimhniú comhréireachta na feithicle tástála.

2. Is é an breosla tagartha mar a shonraítear in Iarscríbhinn B3 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe an breosla tástála a úsáidfear do na tástálacha raoin rollaigh.

I gcás feithiclí débhreoslaithe a théann ar pheitreal agus ar ghás peitriliam leachtaithe nó ar pheitreal agus gás nádúrtha comhbhrúite, agus i gcás feithiclí ilbhreosla a úsáideann peitreal agus breosla eatánóil (E85), déanfar an tástáil raoin rollaigh ar an mbreosla nach foláir do na Ballstáit an luach astaíochtaí CO_2 a thuairisciú ina leith mar a leagtar amach i bpointe 2a de Chuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/631 nó i bpointe 2a de Chuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/631.

Airteagal 7

Toradh na tástála raoin rollaigh d'fheithicil tástála aonair

1. Déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe an RCB, an sprioclucas agus na ceartúcháin faid dá dtagraítear in Iarscríbhinn B7 nó, i gcás inarb infheidhme, B6 nó B8, a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe a ríomh, trí úsáid a bhaint as torthaí na tástála raoin rollaigh a dhéantar.

Chun na fachtóirí ceartúcháin Ki, K_{CO2} agus fine ATCT dá dtagraítear in Iarscríbhinn B6, B7 agus B8 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe a ríomh, déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe aon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) na fachtóirí ceartúcháin Ki, K_{CO2} agus fine ATCT a úsáideadh don chineálcheadú a chur i bhfeidhm;

(b) na fachtóirí ceartúcháin Ki, K_{CO2} agus fine ATCT a ríomh bunaithe ar thástálacha a rinneadh ar an bhfeithicil a roghnaítear don tástáil fíorúcháin inseirbhíse ag cloí leis na nósanna imeachta ar a dtugtar tuairisc in Iarscríbhinn B6, B7 agus B8 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe.

2. Maidir le gach feithicil tástála aonair, seachas OVC-HEV, a bhfuil tástáil raoin rollaigh á déanamh uirthi, déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe toradh na tástála raoin rollaigh ($CO_{2\ ratio}$) a chinneadh mar an cóimheas luachanna astaíochtaí CO_2 arna ríomh ón tástáil raoin rollaigh, agus na fachtóirí ceartúcháin dá dtagraítear i mír 1 ($CO_{2,\ in\text{-}service\ verification}$) leis an luach astaíochtaí CO_2 comhcheangailte, arna thaifeadadh in iontráil 49 de dheimhniú comhréireachta na feithicle sin ($CO_{2,\ CoC}$) á gcur san áireamh.

3. Maidir le gach OVC-HEV, a bhfuil tástáil raoin rollaigh á déanamh uirthi, déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe toradh na tástála raoin rollaigh ($CO_{2\ ratio}$) a chinneadh mar an cóimheas luachanna astaíochtaí CO_2 arna ríomh ón tástáil raoin rollaigh i mód cothaithe luchta de réir Iarscríbhinn B8 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe, agus na fachtóirí ceartúcháin dá dtagraítear i mír 1 ($CO_{2,\ in\text{-}service\ verification}$)) leis an luach astaíochtaí CO_2 comhcheangailte cothaithe luchta arna thaifeadadh in iontráil 49 de dheimhniú comhréireachta na feithicle sin ($CO_{2,\ CoC}$) á gcur san áireamh.

Ina theannta sin, cinnfidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe an raon uile-leictreach coibhéiseach agus an luach astaíochtaí CO_2 arna ríomh ón tástáil raoin rollaigh i mód ídithe luchtaithe de réir Iarscríbhinn B8 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe, agus na fachtóirí ceartúcháin dá dtagraítear i mír 1 á gcur san áireamh.

Áireofar sa tuarascáil tástála cóimheas an luacha astaíochtaí CO_2 ualaithe chomhcheangailte arna ríomh ó na tástálacha raoin rollaigh, agus na fachtóirí ceartúcháin dá dtagraítear i mír 1 á gcur san áireamh, leis an luach astaíochtaí CO_2 ualaithe comhcheangailte arna thaifeadadh in iontráil 49 de dheimhniú comhréireachta na feithicle sin, chomh maith le faisnéis maidir le meathlú an bhataire tarraingthe le himeacht ama agus an raon uile-leictreach coibhéiseach.

4. Maidir le gach feithicil tástála aonair, léifidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe amach, roimh an tástáil raoin rollaigh agus ina diaidh, ó phort srathach diagnóisice ar bord na feithicle luachanna na bhfíorshonraí mar a shainítear in Airteagal 2(c) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/392, trí úsáid a bhaint as uirlis scanta chineálach. Cuirfidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe na luachanna sin sa tuarascáil tástála, in éineacht leis an luach le haghaidh 'fuel_consumed $_{WLTP}$' i gcomhréir le hIarscríbhinn C5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe.

Airteagal 8

Meastóireacht staidrimh ar thorthaí na tástála raoin rollaigh agus méid an diallta a ríomh

1. Déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe meastóireacht ar thorthaí na tástála raoin rollaigh ó fheithiclí tástála aonair a fhaightear i gcomhréir le hAirteagal 7 lena fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil diall sna luachanna astaíochtaí CO_2 den fhine fíoraithe inseirbhíse a bhfuil tástálacha raoin rollaigh á ndéanamh orthu, trí úsáid a bhaint as an modh a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

2. Dá dteipfeadh ar an bhfine fíoraithe inseirbhíse sa mheastóireacht staidrimh mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I, déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe méid an diallta sna luachanna astaíochtaí CO_2 a chinneadh, mar a leanas:

$$\text{Diall} = \left(\text{meán}(CO_{2\text{ratio}}) - 1\right) * CO_{2\text{VH}}[\text{g/km}],$$

i gcás:

— is é $CO_{2\ VH}$ luach dearbhaithe astaíochtaí CO_2 an uasphointe feithicle den fhine fíoraithe inseirbhíse [g/km] nó, i gcás OVC-HEV, an luach astaíochtaí CO_2 i mód cothaithe luchta an uasphointe feithicle den fhine fíoraithe inseirbhíse [g/km];

— tá an meán ($CO_{2\ ratio}$) mar a shainítear in Iarscríbhinn I.

Airteagal 9

Dálaí tástála le haghaidh tástálacha ualaigh friotaíochta bóthair

1. Maidir le tástáil ualaigh friotaíochta bóthair, féadfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe aon cheann de na modhanna tomhais dá dtagraítear in Iarscríbhinn B4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe a úsáid.

2. Folmhófar d'fheithicil le haghaidh tástáil ualaigh friotaíochta bóthair gach trealamh breise agus aon ghné nach raibh i láthair tráth an chéad chlárúcháin. Líonfar umair bhreosla na feithicle go dtí 90 faoin gcéad ar a laghad dá thoilleadh. Beidh an fheithicil feistithe leis an trealamh caighdeánach i gcomhréir le sonraíochtaí an mhonaróra, ag a mbeidh mais bhreise 100 kg agus ag a mbeidh mais a bheadh ionadaíoch d'ualach na feithicle, mar a shainítear i mír 3.2.26 de Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe. Cinnfidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe mais na feithicle arna hullmhú ar an gcaoi sin, nó dá n-ullmhófaí ar an gcaoi sin í, a mheasfar mar an mhais tástála arna cinneadh le linn na tástála ualaigh friotaíochta bóthair.

3. Áiritheoidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe go gcomhlíonann boinn feithicle a roghnaítear le haghaidh tástáil ualaigh friotaíochta bóthair na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) is den aicme chéanna um éifeachtúlacht fuinnimh iad arna taifeadadh sa deimhniú comhréireachta;

(b) comhlíonann siad na critéir a leagtar amach i mír 4.2.2.2 d'Iarscríbhinn B4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe.

Mar rogha mhalartach ar choinníoll (a), féadfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe ceartúchán leis an gcomhéifeacht ualaigh friotaíochta bóthair f_0 a chur i bhfeidhm mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III. Measfar an $f_{0,\ measured,\ corrected}$ ansin mar an f_0 arna cinneadh le linn na tástála ualaigh friotaíochta bóthair.

4. Áiritheoidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe le linn na tástála ualaigh friotaíochta bóthair go n-oibreofar rialú airde na feithicle agus comhlaí gríle gníomhacha gach feithicle tástála, chomh maith le páirteanna inaistrithe aeraidinimiciúla eile cabhlach lena modhnaítear a cúltarraingt aeraidinimice go dinimiciúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i mír 4.2.1.5 d'Iarscríbhinn B4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe.

Airteagal 10

Toradh na tástála ualaigh friotaíochta bóthair d'fheithicil tástála aonair

1. Maidir le gach feithicil tástála aonar, seachas OVC-HEV, a bhfuil tástáil ualaigh friotaíochta bóthair á déanamh uirthi, déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe an luach astaíochtaí CO_2 ($CO_{2,\ \text{in-service verification}}$) ó na comhéifeachtaí ualaigh friotaíochta bóthair f_0, f_1, f_2 agus ó mhais na tástála arna gcinneadh le linn na tástála ualaigh friotaíochta bóthair a ríomh trí na modhanna a leagtar amach in Iarscríbhinn B7 nó, i gcás inarb infheidhme, Iarscríbhinn B8, a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe a chur i bhfeidhm, agus na luachanna astaíochtaí CO_2 arna dtomhas le haghaidh íosphointe agus uasphointe feithicle á n-úsáid.

2. I gcás OVC-HEV a bhfuil tástáil ualaigh friotaíochta bóthair á déanamh uirthi, déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe $CO_{2,\ \text{in-service verification}}$ ó na comhéifeachtaí ualaigh friotaíochta bóthair f_0, f_1, f_2 agus ó mhais na tástála arna gcinneadh le linn na tástála ualaigh friotaíochta bóthair a ríomh trí na modhanna a leagtar amach in Iarscríbhinn B8 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe a chur i bhfeidhm, agus an líne idirshuímh a chomhfhreagraíonn don mhód cothaithe luchta á húsáid.

3. I gcás nár úsáideadh an modh idirshuímh, déanfar $CO_{2,\ \text{in-service verification}}$ a ríomh ó na comhéifeachtaí ualaigh friotaíochta bóthair f_0, f_1, f_2 agus ó mhais na tástála arna gcinneadh le linn na tástála ualaigh friotaíochta bóthair mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

4. Maidir le gach feithicil tástála aonair a bhfuil tástáil ualaigh friotaíochta bóthair á déanamh uirthi, déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe toradh na tástála ualaigh friotaíochta bóthair ($CO_{2\ \text{ratio}}$) a chinneadh mar an cóimheas $CO_{2,\ \text{in-service verification}}$ arna chinneadh i gcomhréir le míreanna 1 go 3 den Airteagal seo, leis an luach astaíochtaí CO_2 comhcheangailte, nó, i gcás OVC-HEV, an luach astaíochtaí CO_2 cothaithe luchta comhcheangailte, arna thaifeadadh in iontráil 49 de dheimhniú comhréireachta na feithicle sin ($CO_{2,\ \text{CoC}}$).

Airteagal 11

Measúireacht staidrimh ar thorthaí na tástála ualaigh friotaíochta bóthair agus méid an diallta a ríomh

1. Déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe measúireacht ar thorthaí na tástála ualaigh friotaíochta bóthair i gcomhréir le hAirteagal 10 lena fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil diall sna luachanna astaíochtaí CO_2 ag an bhfine ualaigh friotaíochta bóthair a bhfuil tástálacha ualaigh friotaíochta bóthair á ndéanamh uirthi, tríd an modh a leagtar amach in Iarscríbhinn I a úsáid.

2. Dá dteipfeadh ar an bhfine ualaigh friotaíochta bóthair sa mheastóireacht staidrimh mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I, déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe méid an diallta sna luachanna astaíochtaí CO_2 a chinneadh, mar a leanas:

$$\text{Diall} = \left(\text{meán}(CO_{2\text{ratio}}) - 1\right) * CO_{2\text{VH}}\ [\text{g/km}],$$

i gcás:

— is é $CO_{2\ \text{VH}}$ luach dearbhaithe astaíochtaí CO_2 an uasphointe feithicle den fhine fíoraithe inseirbhíse [g/km] nó, i gcás OVC-HEV, an luach astaíochtaí CO_2 i mód cothaithe luchta an uasphointe feithicle den fhine fíoraithe inseirbhíse [g/km];

— tá an meán ($CO_{2\ \text{ratio}}$) mar a shainítear in Iarscríbhinn I.

Airteagal 12

Dálaí tástála le haghaidh tástálacha straitéisí saorga

Fíoróidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe láithreacht straitéisí saorga san fheithicil tástála a roghnaítear i gcomhréir le hAirteagal 4 trí bhíthin na dtástálacha seo a leanas:

(a) tástáil raoin rollaigh;

(b) tástáil raoin rollaigh mar a leagtar amach in Iarscríbhinn B6 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe agus na céimeanna tástála déanta in ord difriúil, nó aon tástáil eile nach dtagann athrú suntasach ar fhreagairt fhisiceach na feithicle dá mbarr agus/nó ar aon cheann dá fochórais gan straitéisí saorga;

(c) tástáil Astaíochtaí Fíorthiomána ar an mbóthar mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IIIA a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1151 nó aon tástáil eile ar an mbóthar a d'fhéadfadh a léiriú cé acu atá nó nach bhfuil straitéis shaorga ann;

(d) tástáil raoin rollaigh a bhfuil sé d'aidhm aici an tástáil ar an mbóthar a rinneadh i gcomhréir le pointe (c) a mhacasamhlú.

Airteagal 13

Meastóireacht ar thorthaí na tástála straitéisí saorga agus méid an diallta a ríomh

1. Déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe meastóireacht ar thorthaí na dtástálacha a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 12 chun measúnú a dhéanamh ar riosca na straitéisí saorga a bheith i láthair san fheithicil tástála, trí chomparáid a dhéanamh ar na luachanna seo a leanas:

(a) na luachanna astaíochtaí CO_2 ón tástáil dá dtagraítear in Airteagal 12(b) leis na luachanna sin ón tástáil dá dtagraítear in Airteagal 12(a);

(b) na luachanna astaíochtaí CO_2, arna roinnt ar an éileamh ar fhuinneamh timthrialla, ón tástáil dá dtagraítear in Airteagal 12(c) leis na luachanna sin ón tástáil dá dtagraítear in Airteagal 12(a);

(c) na luachanna astaíochtaí CO_2, arna roinnt ar an éileamh ar fhuinneamh timthrialla, ón tástáil dá dtagraítear in Airteagal 12(d) leis na luachanna sin ón tástáil dá dtagraítear in Airteagal 12(c).

2. Tabharfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe tuairisc ar na critéir a úsáidtear don mheastóireacht sin sa tuarascáil tástála, agus tuigfear leis an téarma straitéisí saorga aon bhogearra, loighic rialúcháin, crua-earra ná comhpháirt ar bord nó a bhaineann leis an bhfeithicil, lena laghdaítear luachanna astaíochtaí CO_2 nó ídithe breosla na feithicle sna tástálacha a dhéantar chun críche cineálcheadaithe astaíochtaí, ach nach n-oibríonn go comhsheasmhach nuair a bhíonn an fheithicil i mbun seirbhíse, agus an difríocht sna dálaí á tabhairt san áireamh, ach amháin má tá gá leis sin de réir reachtaíochta nó más féidir údar a thabhairt leis mar gheall ar an riachtanas chun an fheithicil a chosaint in aghaidh damáiste láithreach nó chun oibriú sábháilte na feithicle a áirithiú.

3. Más rud é, ar bhonn na meastóireachta de réir mhír 1, go measann an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe gurb ard é an riosca go bhfuil straitéisí saorga i láthair san fheithicil tástála, sonróidh agus déanfaidh sé clár tástála sonrach i dteannta na dtástálacha a rinneadh de réir Airteagal 12, chun láithreacht nó easnamh straitéise saorga a shainaithint.

4. Má shainaithníonn an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe go bhfuil straitéisí saorga i láthair, cinnfidh sé méid an diallta sna luachanna astaíochtaí CO_2 trí chomparáid a dhéanamh idir an luach astaíochtaí CO_2 in éineacht le straitéisí saorga agus dá n-uireasa. Mura féidir méid an diallta sin a chinneadh bunaithe ar na tástálacha a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 12 agus, más infheidhme, le mír 3, beidh luach an diallta sna luachanna astaíochtaí CO_2 10 % de luach astaíochtaí CO_2 an uasphointe feithicle den fhine fíoraithe inseirbhíse nó, i gcás OVC-HEV, 10 % den luach astaíochtaí CO_2 i mód cothaithe luchta an uasphointe feithicle den fhine fíoraithe inseirbhíse, lena mbaineann íosmhéid 14 g/km sa dá chás.

Airteagal 14

Tuarascáil tástála

1. Áireoidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe leis na tuarascálacha tástála dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2867 , an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad le haghaidh gach fine fíoraithe inseirbhíse arna tástáil agus le haghaidh gach cineáil tástála:

(a) an cineál tástála a dhéantar;

(b) an seicliosta feithicle;

(c) na dálaí tástála;

(d) na torthaí tástála ar gach ceann de na feithiclí tástála aonair;

(e) an mheastóireacht staidrimh ar na torthaí tástála;

(f) más infheidhme, méid an diallta a ríomh;

(g) i gcás tástáil straitéisí saorga: na critéir a úsáidtear chun meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí na dtástálacha.

2. Laistigh de 20 lá oibre ó chríochnú na dtástálacha, cuirfear tuarascáil na tástála ar fáil do mhonaróir na bhfeithiclí lena mbaineann agus uaslódálfar tuarascáil na tástála in éineacht leis na sonraí seo a leanas le haghaidh gach feithicle tástála aonair i bhformáid chriptithe chuig freastalaí tiomnaithe an Choimisiúin:

(a) maidir le gach tástáil raoin rollaigh agus straitéisí saorga a dhéantar, na sonraí a shonraítear i bpointe (1) d'Iarscríbhinn V;

(b) maidir le gach tástáil ualaigh friotaíochta bóthair a dhéantar, na sonraí a shonraítear i bpointe (2) d'Iarscríbhinn V.

Ní fhoilseofar na sonraí agus na paraiméadair a shonraítear i bpointí (a) agus (b).

I gcás inar uaslódáladh na sonraí uile i gceart le haghaidh gach feithicle den fhine fíoraithe inseirbhíse a ndearnadh tástáil uirthi, seolfar admháil ó fhreastalaí an Choimisiúin chuig an eintiteas uaslódála.

Airteagal 15

Conclúidí an údaráis cineálcheadaithe deonaithe

1. Má thaispeántar le torthaí an fhíoraithe inseirbhíse nach bhfuil aon diall sna luachanna astaíochtaí CO_2, tiocfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe ar chonclúid chun na críche sin agus cuirfidh sé i gceangal le tuarascáil na tástála é.

2. Má thaispeántar le torthaí an fhíoraithe inseirbhíse go bhfuil diall sna luachanna astaíochtaí CO_2, féadfaidh an monaróir cur in aghaidh na dtorthaí laistigh de 20 lá oibre tar éis dó tuarascáil na tástála a fháil, trí fhianaise a chur ar fáil ina léirítear an comhfhreagras idir na luachanna astaíochtaí CO_2 arna dtaifeadadh sna deimhnithe comhréireachta agus na luachanna de thoradh an fhíoraithe inseirbhíse.

In éagmais freagartha, measfar gur ghlac an monaróir le torthaí an fhíoraithe inseirbhíse.

3. Agus an fhaisnéis a chuireann an monaróir ar fáil de bhun mhír 2 á cur san áireamh, déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe conclúid ar cé acu atá nó nach bhfuil easpa comhfhreagrais sainaitheanta san fhíorú inseirbhíse idir luachanna astaíochtaí CO_2 an fhíoraithe inseirbhíse agus na luachanna arna dtaifeadadh sna deimhnithe comhréireachta, nó ar cé acu atá nó nach bhfuil straitéisí saorga ann.

Tarchuirfidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe a chonclúid chuig an monaróir lena mbaineann agus chuig an gCoimisiún 40 lá oibre ar a dhéanaí tar éis dó an monaróir a chur ar an eolas fúithi i gcomhréir le mír 2.

4. Beidh an méid seo a leanas, ar a laghad, san áireamh i gconclúidí an údaráis cineálcheadaithe deonaithe dá dtagraítear i mír 3:

(a) i gcás ina suíonn an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe nach bhfuil aon easpa comhfhreagrais idir na luachanna astaíochtaí CO_2 lena mbaineann, nó nach féidir leis láithreacht straitéisí saorga a shuí:

   (i) an fhine fíoraithe inseirbhíse, na finte idirshuímh feithiclí agus, i gcás ina bhfuil a thorthaí bunaithe ar thorthaí ó thástálacha ualaigh friotaíochta bóthair, an fhine ualaigh friotaíochta bóthair lena mbaineann;

   (ii) na forais dá thorthaí nach dtagann easpa comhfhreagrais de bharr na ndialltaí a aimsíodh de thoradh an fhíoraithe inseirbhíse.

(b) i gcás ina suíonn an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe go bhfuil easpa comhfhreagrais idir na luachanna astaíochtaí CO_2 lena mbaineann nó go bhfuil straitéisí saorga ann:

   (i) an fhine fíoraithe inseirbhíse, na finte idirshuímh feithiclí agus, i gcás ina bhfuil a thorthaí bunaithe ar thorthaí ó thástálacha ualaigh friotaíochta bóthair, an fhine ualaigh friotaíochta bóthair lena mbaineann;

   (ii) méid an diallta sna luachanna astaíochtaí CO_2;

   (iii) i gcás inarb infheidhme, na straitéisí oifigiúla a shainaithnítear.

5. Roimh an 1 Márta gach bliain féilire, foilseoidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe forbhreathnú ar na fíoruithe inseirbhíse a rinneadh sa bhliain féilire roimhe sin agus ar a chonclúidí arna n-eisiúint sa bhliain sin, dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3, agus an fhormáid a leagtar amach in Iarscríbhinn VI á húsáid. Le haghaidh tástálacha fíorúcháin inseirbhíse nach ndéantar aon chonclúid a shuí ina leith roimh fhoilsiú an fhorbhreathnaithe, áireofar an chonclúid sa chéad fhorbhreathnú bliantúil eile.

Airteagal 16

Ceartúchán ar mheánastaíochtaí sonracha CO_2 de chuid monaróra

1. I gcás ina bhfuil conclúid eisithe ag an údarás cineálcheadaithe deonaithe dá dtagraítear in Airteagal 15(4), pointe (b), cuirfidh an Coimisiún i bhfeidhm, bunaithe ar an bhfaisnéis a áiríodh leis an gconclúid sin, don bhliain féilire inar eisíodh an chonclúid agus do na blianta féilire ina diaidh sin, méid an diallta de na luachanna astaíochtaí CO_2 le haghaidh a ríomha shealadaigh astaíochtaí ar na meánastaíochtaí sonracha CO_2 i gcomhréir le hAirteagal 7(4) de Rialachán (AE) 2019/631, agus tabharfaidh sé fógra don mhonaróir i gcomhréir le hAirteagal 7(5) de Rialachán (AE) 2019/631.

2. Cuirfidh an Coimisiún i bhfeidhm freisin méid an diallta sna luachanna astaíochtaí CO_2 mar a shonraítear sa chonclúid dá dtagraítear in Airteagal 15(4), pointe (b), chun meánastaíochtaí sonracha CO_2 an mhonaróra a cheartú do na 10 mbliana féilire roimh an mbliain inar eisíodh an chonclúid, ach tráth nach luaithe ná an bhliain féilire 2021. Leasóidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2019/631 dá réir sin.

Airteagal 17

Athbhreithniú

Faoi dheireadh 2026, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá atá le méadú a dhéanamh ar an íoslíon finte fíoraithe inseirbhíse atá le roghnú gach bliain de réir Airteagal 3(1), agus aird á tabhairt go háirithe ar an méid seo a leanas:

(a) an líon iomlán finte fíoraithe inseirbhíse dá bhfuil cineálcheaduithe astaíochtaí eisithe ag an údarás cineálcheadaithe deonaithe sna blianta roimhe sin;

(b) an líon feithiclí a tástáladh le haghaidh gach fine fíoraithe inseirbhíse i gcomhréir le hAirteagal 4;

(c) infhaighteacht saoráidí tástála agus réamhaisnéis maidir le forbairt na hinfhaighteachta sin.

Airteagal 18

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Nollaig 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Measteoireacht staidrimh ar thorthaí tástála raoin rollaigh agus ualaigh friotaíochta bóthair

(1) **Túsphointe**

Is iad túsphointe na measteoireachta staidrimh na luachanna do $CO_{2\ ratio}$ arna ríomh le haghaidh trí fheithicil tástála aonair (N=3) de réir mhíreanna 2 agus 3 d'Airteagal 7 maidir le torthaí tástála raoin rollaigh agus de réir mhír 4 d'Airteagal 10 maidir le torthaí tástála ualaigh friotaíochta bóthair.

Cinntear leis na critéir a leagtar amach faoi phointe (2) cé acu atá nó nach bhfuil gá le tástáil a dhéanamh ar fheithiclí breise.

(2) **Paraiméadair staidrimh**

Maidir leis an líon iomlán feithiclí arna dtástáil (N), déanfar an meán (X_{tests}) agus diall caighdeánach/dialltaí caighdeánacha na dtorthaí tástála a chinneadh mar a leanas:

$$X_{tests} = \frac{(x_1+x_2+\ldots+x_N)}{N}$$

agus

$$s = \sqrt{\frac{(x_1 - X_{tests})^2+(x_2 - X_{tests})^2+\ldots+(x_N - X_{tests})^2}{N-1}}$$

i gcás

x_i an luach $CO_{2\ ratio}$ arna ríomh le haghaidh na feithicle tástála aonair de réir mhíreanna 2 agus 3 d'Airteagal 7 maidir le torthaí tástála raoin rollaigh agus de réir mhír 4 d'Airteagal 10 maidir le torthaí tástála ualaigh friotaíochta bóthair.

(3) **Measteoireacht**

I gcás na dtrí fheithicil a tástáladh ar dtús agus tar éis gach feithicle breise a tástáladh, déanfar luach X_{tests} a mheasúnú mar a leagtar amach thíos chun teacht ar cheann de na conclúidí seo a leanas maidir leis an bhfine fíoraithe inseirbhíse nó maidir leis an bhfine ualaigh friotaíochta bóthair lena mbaineann:

(1) Tabhair pas don fhine má tá: $X_{tests} \leq A - t_P \bullet s$

(2) Tabhair teip don fhine má tá: $X_{tests} > A + t_F \bullet s$

(3) Déan tástáil ar fheithicil bhreise má tá: $A - t_P \bullet s < X_{tests} \leq A + t_F \bullet s$

i gcás:

tá t_P agus t_F mar a leagtar amach sa tábla thíos

is é s an diall caighdeánach mar a chinntear i gcomhréir le pointe (2)

is ionann A agus 1,02 le haghaidh torthaí tástála raoin rollaigh;

is ionann A agus 1,03 le haghaidh torthaí tástála ualaigh friotaíochta bóthair;

is ionann A agus 1,08 le haghaidh torthaí tástála ualaigh friotaíochta bóthair i gcás finte a thástálfar sna blianta 2024 nó 2025.

Tábla

Luachanna do na t-paraiméadair i dtaca le cinneadh maidir le pas/teip

An líon feithiclí arna dtástáil	t_P	t_F
3	2,2655	An luach is airde de 1,1062 agus (0,02 / s) [1]
4	1,5093	0,5970
5	1,1230	0,3737
6	0,8196	0,2430

[1] I gcás inarb é s an diall caighdeánach mar a chinntear i gcomhréir le pointe (2).

7	0,5944	0,1548
8	0,3866	0,0902
9	0,1873	0,0402
10	0,0000	0,0000

(4) **Méid an diallta a ríomh**

Chun méid an diallta a ríomh, déantar an meán ($CO_{2\ ratio}$) a shainiú mar X_{tests} maidir leis an líon iomlán feithiclí a tástáladh, tar éis theip na fine i gcomhréir le pointe (3):

meán ($CO_{2\ ratio}$) = X_{tests}

IARSCRÍBHINN II

Seicliosta le haghaidh feithiclí a roghnófaí le haghaidh tástálacha fíorúcháin inseirbhíse

Ciallaíonn 'critéir eisiaimh', má chomhlíontar an coinníoll ar a dtugtar tuairisc (tá 'tá/is ea' mar fhreagra ar an gceist), nach féidir an fheithicil a roghnú le haghaidh tástálacha fíorúcháin inseirbhíse.

Ciallaíonn 'rúnda' go gcoinneoidh an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe an fhaisnéis sin de réir mar is iomchuí, ach nach n-áireofar í sa tuarascáil tástála a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin.

(1) **Saintréithe na Feithicle**

1.1. Déanfar an fhaisnéis seo a leanas a thaifeadadh agus a áireamh sa tuarascáil tástála:

1.1.1.	VIN:	RÚNDA
1.1.2.	Míleáiste:	
1.1.3.	Dáta an chéad chlárúcháin:	
1.1.4.	TAN (uimhir chineálcheadaithe na feithicle):	
1.1.5.	Uimhir chineálcheadaithe astaíochtaí:	
1.1.6.	VFN (Sainaitheantóir na fine idirshuímh feithiclí):	
1.1.7.	Sainaitheantóir na fine ualaigh friotaíochta bóthair:	
1.1.8.	Ainm, cineál agus Uimhir Aitheantais Boinn mhonaróir na mbonn (nuair a bheidh siad ar fáil)	

1.2. Seiceálfar na critéir eisiaimh seo a leanas:

		Tá / Níl
1.2.1.	Míleáiste: *An bhfuil an míleáiste níos lú ná 3 000 km nó níos airde ná 100 000 km?*	
1.2.2.	Dáta an chéad chlárúcháin: *An bhfuil an dáta sin níos mó ná 5 bliana roimh an dáta a roghnaíodh an fheithicil?*	

(2) **Agallamh le hÚinéir/Úsáideoir na Feithicle**

(Ní bheidh aon eolas ag an úinéir ar impleachtaí na bhfreagraí)

2.1. Déanfar an fhaisnéis seo a leanas a thaifeadadh:

2.1.1.	Ainm an úinéara	RÚNDA
2.1.2.	Teagmhálaí (seoladh / teileafón)	RÚNDA

2.2. Seiceálfar na critéir eisiaimh seo a leanas:

	Úsáid neamhúdaraithe na feithicle	**Is ea / Ní hea**
2.2.1.	An é gur iompraíodh ualaí troma os cionn sonraíochtaí an mhonaróra san fheithicil?	

2.2.2.	An é gur úsáideadh an fheithicil le haghaidh rásaíochta nó mótarspórt?	
2.2.3.	An é gur tiomáineadh an fheithicil i mBallstát nach Ballstát den Aontas Eorpach é ar feadh níos mó ná 10 % den am tiomána?	
2.2.4.	An é gur úsáideadh an fheithicil riamh le cineál breosla mícheart (e.g. gásailín in ionad díosail) nó le breosla de cháilíocht AE nach bhfuil ar fáil ar bhonn tráchtála (an margadh dubh, nó breosla cumaiscthe)?	
2.2.5.	An é gur úsáideadh breiseán breosla nár fhormheas an monaróir?	
	Deisiúcháin neamhúdaraithe	
2.2.6.	An é go ndearnadh cothabháil ar an bhfeithicil nach bhfuil i gcomhréir le treoracha an mhonaróra?	
2.2.7.	An é go ndearnadh mórdheisiú neamhúdaraithe innill nó feithicle?	
2.2.8.	An é go raibh an fheithicil páirteach i dtimpiste thromchúiseach?	
	Athruithe neamhúdaraithe	
2.2.9.	An é go ndearnadh méadú/tiúnáil chumhachta?	
2.2.10.	An é gur baineadh aon chuid den chóras iarchóireála astaíochtaí go buan?	
2.2.11.	An é gur suiteáladh aon ghaireas neamhúdaraithe (díothóir úiré, aithriseoir, etc.)?	

(3) **Scrúdú ar an bhFeithicil**

3.1. Áireofar an fhaisnéis seo a leanas sa tuarascáil tástála:

3.1.1.	Calabrú, uimhir pháirte agus suim sheiceála mhodúl um rialú cumhachta an ghléasra cumhachta	
3.1.2.	Diagnóis DAB	Léigh Cóid Diagnóise Fabht & priontáil loga earráidí ([1])
3.1.3.	Iarratas Mhód Seirbhíse 09 DAB	Léigh Mód Seirbhíse 09 agus taifead an fhaisnéis.
3.1.4.	Mód 07 DAB	Léigh Mód Seirbhíse 07 agus taifead an fhaisnéis.
3.1.5.	Pictiúir den fheithicil tástáilte lena n-áirítear an fho-chabhail	

Nóta: *Tá gach seiceáil a éilíonn naisc DAB le déanamh roimh an tástáil astaíochtaí agus ina diaidh*

([1]) Beidh gach córas mar chuid de Dhiagnóis DAB agus beidh 'Logaí earráidí/Faisnéis arna brath agus arna diagnóisiú' mar chuid den tuarascáil tástála. Deimhnítear leis sin gur féidir earráidí a bhfuil éifeacht indíreach acu ar astaíochtaí a bhrath i gceart.

3.2. Seiceálfar na critéir eisiaimh seo a leanas:

		Tá / Níl
3.2.1.	An bhfuil aon solas rabhaidh ar an bpainéal ionstraimí gníomhachtaithe lena léirítear mífheidhmiú feithicle nó córais iarchóireála gáis sceite nach féidir a réiteach trí ghnáthchothabháil? (Mífheidhmiú Solais Táscaire, Solais Seirbhíse Innill etc?)	
3.2.2.	An bhfuil aon mhodhnú aeraidinimice iarmhargaidh ann nach féidir a bhaint roimh an tástáil (Tabhair faoi deara: is féidir boscaí dín, barraí ualaigh, bacóirí, etc. a bhaint)? An bhfuil aon chomhpháirt chaighdeánach aeraidinimiciúil ar iarraidh (sraonairí tosaigh, idirleatóirí, scoiltirí, etc.)?	(Critéir eisiaimh le haghaidh tástálacha ualaigh friotaíochta bóthair amháin)

3.3. Mura gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas, féadfar an fheithicil a roghnú fós ar choinníoll go nglacfar gníomhaíocht iomchuí sula ndéanfar tástálacha fíorúcháin inseirbhíse:

	Seiceálacha atá le déanamh	**An tsaincheist a shainaithnítear agus an ghníomhaíocht atá le déanamh**
3.3.1.	Leibhéal an umair breosla	*Má tá solas an chúltaca breosla lasta, athbhreoslaigh roimh an tástáil.*
3.3.2.	An leacht sceite díosail	*Má tá an solas dí-ocsaídithe roghnaithigh catalaíoch lasta tar éis an innill a adhaint, ba cheart an leacht sceite díosail a líonadh isteach, nó an deisiú a dhéanamh sula n-úsáidtear an fheithicil le haghaidh tástála.*
3.3.3.	Scagaire aeir agus scagaire ola *Seiceáil le haghaidh éillithe agus damáiste*	*Má tá siad damáistithe nó má tá siad éillithe go mór nó má tá níos lú ná 800 km roimh an gcéad athrú molta eile; athraigh na scagairí.*
3.3.4.	Seiceáil leibhéil sreabháin agus grád sreabháin *Seiceáil na leibhéil uasta agus íosta (ola innill, leacht fuaraithe)*	*Breisigh, má tá siad faoi bhun an íosleibhéil.* *Más grád difriúil atá ann, cuir cinn nua ina n-ionad.*
3.3.5.	Cábla adhainte (gásailín) *Seiceáil spréachphlocóidí, cáblaí, etc.*	*I gcás damáiste, cuir cinn nua ina n-ionad.*
3.3.6.	Seirbhís *Seiceáil an bhfuil níos lú ná 800 km ón gcéad seirbhís sceidealta eile*	*Má tá, déan an tseirbhís.*
3.3.7.	Le haghaidh tástálacha ualaigh friotaíochta bóthair AMHÁIN: *Seiceáil an bhfuil ailíniú rothaí agus glanadh airde/scóip ó thalamh inchoigeartaithe na feithicle as raon.*	*Má tá, coigeartaigh ailíniú rothaí agus glanadh airde/scóip ó thalamh na feithicle le bheith sa raon.*
3.3.8.	Le haghaidh feithiclí ar mó a míleáiste ná 40 000 km nó níos sine ná 2 bhliain AMHÁIN	*Cuir ceallra coibhéiseach nua in ionad ceallra ísealvoltais.*

IARSCRÍBHINN III

Ceartúchán ar chomhéifeacht ualaigh friotaíochta bóthair f_0

Céim 1: $f_{0,CoC}$a athríomh:

(i) **I gcás inar úsáideadh an modh idirshuímh le haghaidh chinneadh ualaigh friotaíochta bóthair na feithicle aonair:**

$$f_{0,\,CoC,\,new\ tyre} = f_{0,H} - (f_{0,H} - f_{0,L}) \times \frac{TM_H \times RR_H - TM_{CoC} \times RR_{new\ tyre}}{TM_H \times RR_H - TM_L \times RR_L}$$

i gcás:

$f_{0,H}$ comhéifeacht ualaigh friotaíochta bóthair f_0 an uasphointe feithicle den fhine ualaigh friotaíochta bóthair [N];

$f_{0,L}$ comhéifeacht ualaigh friotaíochta bóthair f_0 an íosphointe feithicle den fhine ualaigh friotaíochta bóthair [N];

TM_H mais tástála an uasphointe feithicle den fhine ualaigh friotaíochta bóthair [kg];

TM_L mais tástála an íosphointe feithicle den fhine ualaigh friotaíochta bóthair [kg];

TM_{CoC} mais tástála na feithicle arna taifeadadh sa deimhniú comhréireachta [kg];

$RR_{new\ tyre}$ friotaíocht rollta bonn na feithicle inseirbhíse roghnaithe, mar a shainmhínítear i dTábla A4/2 d'Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1151 [kg/tona];

RR_H friotaíocht rollta iarbhír bonn an uasphointe feithicle aonair den fhine maitríse ualaigh friotaíochta bóthair [kg/tona];

RR_L friotaíocht rollta iarbhír bonn an íosphointe feithicle aonair den fhine maitríse ualaigh friotaíochta bóthair [kg/tona].

(ii) **I gcás nár úsáideadh an modh idirshuímh le haghaidh chinneadh ualaigh friotaíochta bóthair na feithicle aonair:**

$$f_{0,CoC,\,new\ tyre} = \mathrm{Max}\left(\frac{\left(0.05 \times f_{0;r} + 0.95 \times \left(f_{0,r} \bullet \frac{TM_{CoC}}{TM_r} + \left(\frac{RR_{new\ tyre} - RR_r}{1000} \right) \times 9.81 \times TM_{CoC} \right) \right),}{\left(0.2 \times f_{0,r} + 0.8 \times \left(f_{0,r} \bullet \frac{TM_{CoC}}{TM_r} + \left(\frac{RR_{new\ tyre} - RR_r}{1000} \right) \times 9.81 \times TM_{CoC} \right) \right)} \right)$$

i gcás:

$f_{0,\,r}$ comhéifeacht ualaigh friotaíochta bóthair f_0 na feithicle ionadaíche den fhine maitríse ualaigh friotaíochta bóthair, nó an t-uasphointe feithicle den fhine maitríse ualaigh friotaíochta bóthair [N];

TM_r mais tástála na feithicle ionadaíche den fhine maitríse ualaigh friotaíochta bóthair, nó an t-uasphointe feithicle den fhine maitríse ualaigh friotaíochta bóthair [kg];

TM_{CoC} mais tástála na feithicle arna taifeadadh sa deimhniú comhréireachta [kg];

$RR_{new\ tyre}$ friotaíocht rollta bonn na feithicle inseirbhíse roghnaithe, mar a shainmhínítear i dTábla A4/2 d'Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1151 [kg/tona];

RR_r friotaíocht rollta iarbhír bonn na feithicle ionadaíche den fhine maitríse ualaigh friotaíochta bóthair, nó an t-uasphointe feithicle aonair den fhine maitríse ualaigh friotaíochta bóthair [kg/tona].

Céim 2: $f_{0,\ measured}$ a cheartú:

$$f_{0,\ measured,\ corrected} = f_{0,\ measured} + (f_{0,\ CoC} - f_{0,\ CoC,\ new\ tyre})$$

I gcás:

$f_{0,\ measured}$ an chomhéifeacht ualaigh friotaíochta bóthair f_0 arna tomhas [N];

$f_{0,\ CoC}$ an chomhéifeacht ualaigh friotaíochta bóthair f_0 arna taifeadadh sa deimhniú comhréireachta [N];

$f_{0,\ CoC,\ new\ tyre}$ an chomhéifeacht ualaigh friotaíochta bóthair f_0 mar a ríomhtar i gcéim 1[N].

IARSCRÍBHINN IV

$CO_{2,\ in\text{-}service\ verification}$ a ríomh, i gcás nár úsáideadh an modh idirshuímh

$$CO_{2in-service\ verification} = CO_{2CoC} + a \bullet [CED_{in-service\ verification} - CED_{CoC}]$$

i gcás:

CED_{CoC}: an tÉileamh ar Fhuinneamh Timthrialla arna ríomh ó na comhéifeachtaí ualaigh friotaíochta bóthair f_0, f_1, f_2 agus ón mais tástála arna taifeadadh sa deimhniú comhréireachta i gcomhréir le mír 5 d'Iarscríbhinn B7 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 de chuid NA [kJ]

$CED_{in-service\ verification}$: an tÉileamh ar Fhuinneamh Timthrialla arna ríomh ó na comhéifeachtaí ualaigh friotaíochta bóthair f_0, f_1, f_2 agus ón mais tástála arna gcinneadh le linn na tástála ualaigh friotaíochta bóthair [kJ]

a: an luach a leagtar amach sa tábla thíos [g/km/kJ].

Cineál breosla	*a*
díosal	0,009
peitreal	0,010
gás peitriliam leachtaithe	0,008
gás nádúrtha	0,007

IARSCRÍBHINN V

Sonraí maidir leis an tástáil fíorúcháin inseirbhíse atá le tuairisciú

(1) **Sonraí maidir leis an tástáil fíorúcháin inseirbhíse atá le tuairisciú le haghaidh tástáil raoin rollaigh nó le haghaidh tástáil straitéisí saorga**

Is iad na sonraí atá le tuairisciú na sonraí a shonraítear i dTábla 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/392, i gcás ina dtuigfear, chun críoch an Rialacháin seo, gach tagairt d'fheithicil H agus L mar thagairtí don fheithicil tástála aonair agus go dtuigfear gach tagairt do dhoiciméadacht chineálcheadaithe mar thagairtí do na hiontrálacha sonracha i ndeimhniú comhréireachta na feithicle sin.

Ina theannta sin, tá na sonraí seo a leanas le tuairisciú:

Líon	Paraiméadair	Aonad	Foinse	Nótaí
1	Finte idirshuímh eile atá mar chuid den fhine fíoraithe inseirbhíse chéanna	—	Pointe 2.1.1.2.1. d'Fhoscríbhinn 8a a ghabhann le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1151 (an chéad trí líne den tábla)	Ar bhonn na tástála céanna de Chineál 1, is é sin na luachanna tuairiscithe céanna le haghaidh 'luach tomhaiste', 'luach ceartaithe luais agus faid', agus 'comhéifeacht cheartúcháin RCB'
2	Uimhir feithicle	—	-	Seicheamh feithiclí (1, 2, 3,…10) sa mheastóireacht staidrimh
3	An líon iomlán feithiclí arna dtástáil	—	-	An líon iomlán feithiclí a áirítear sa mheastóireacht staidrimh ar a dtugtar tuairisc in Iarscríbhinn I
4	Uimhir na fine ualaigh friotaíochta bóthair nó uimhir na fine maitríse ualaigh friotaíochta bóthair	—	Iontráil 0.2.3.4 nó 0.2.3.5. den deimhniú comhréireachta	Fine ualaigh friotaíochta bóthair nó fine maitríse ualaigh friotaíochta bóthair na feithicle arna tástáil
5	Uimhir chineálcheadaithe astaíochtaí	—	Cuid den doiciméadacht chineálcheadaithe	Uimhir chineálcheadaithe astaíochtaí a bhaineann go sonrach le fine idirshuímh na feithicle arna tástáil
6	Uimhir chineálcheadaithe don fheithicil iomlán	—	Iontráil 0.11 den deimhniú comhréireachta	Aitheantóir an chineálcheadaithe lánfheithicle mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/683
7	Raon uile leictreach coibhéiseach (EAER) comhcheangailte – CoC	Km	Iontráil 5.2 den deimhniú comhréireachta	I gcás feithiclí leictreacha hibrideacha luchtaithe sheachtraigh amháin
8	Breosla iomlán a ídítear (saolré)	l	Tábla 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/392	Sonraí maidir le feiste ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh arna mbailiú ón bhfeithicil
9	Fad iomlán a thaistealaítear (saolré)	km	idem	idem
10	Breosla iomlán a ídítear in oibríocht ídithe luchtaithe (saolré)	l	idem	idem, i gcás feithiclí leictreacha hibrideacha luchtaithe sheachtraigh amháin

11	Breosla iomlán a ídítear in oibríocht méadaithe luchtaithe atá inroghnaithe ag an tiománaí (saolré)	l	idem	idem
12	Fad iomlán a thaistealaítear in oibríocht ídithe luchtaithe agus an t-inneall múchta (saolré)	km	idem	idem
13	Fad iomlán a thaistealaítear in oibríocht ídithe luchtaithe agus an t-inneall ar siúl (saolré)	km	idem	idem
14	Fad iomlán a thaistealaítear in oibríocht méadaithe luchtaithe atá inroghnaithe ag an tiománaí (saolré)	km	idem	idem
15	Fuinneamh iomlán eangaí isteach sa cheallra (saolré)	kWh	idem	idem
16	Toradh tástála raoin rollaigh (CO_2 ratio)	—	Airteagal 7(2); le haghaidh OVC-HEV: Airteagal 7(3)	-

(2) **Sonraí maidir leis an tástáil fíorúcháin inseirbhíse atá le tuairisciú le haghaidh tástáil ualaigh friotaíochta bóthair**

Líon	Paraiméadair	Aonad	Foinse	Nótaí
1	Uimhir na fine ualaigh friotaíochta bóthair nó uimhir na fine maitríse ualaigh friotaíochta bóthair	—	Iontráil 0.2.3.4 nó 0.2.3.5. den deimhniú comhréireachta	
2	Uimhir na fine Idirshuímh Feithiclí		Iontráil 0.2.3.1 den deimhniú comhréireachta	
3	Finte idirshuímh eile atá mar chuid den fhine ualaigh friotaíochta bóthair céanna/ den fhine maitríse ualaigh friotaíochta bóthair céanna	—	—	Liosta na n-uimhreacha fine idirshuímh feithiclí uile
4	Uimhir feithicle	—	—	Seicheamh feithiclí (1, 2, 3,…10) sa mheastóireacht staidrimh
5	An líon iomlán feithiclí arna dtástáil	—		An líon iomlán feithiclí a áirítear sa mheastóireacht staidrimh ar a dtugtar tuairisc in Iarscríbhinn I
6	Uimhir chineálcheadaithe astaíochtaí	—	Doiciméadacht chineálcheadaithe	Uimhir chineálcheadaithe astaíochtaí a bhaineann go sonrach le fine idirshuímh na feithicle arna tástáil
7	Uimhir chineálcheadaithe don fheithicil iomlán	—	Iontráil 0.11 den deimhniú comhréireachta	—
8	Saoráid tástála (ainm/suíomh)	—	—	—

9	Catagóir agus aicme feithicle	—	—	M1 nó N1 Aicme 1, 2 nó 3
10	Míleáiste na feithicle	km	—	Léamh odaiméadair na feithicle roimh an tástáil ar ualach friotaíochta bóthair
11	Modh tástála	—	Iarscríbhinn B4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe	Luasmhoilliú saor-rothlaithe ar an mbóthar/ méadair casmhóiminte ar an mbóthar/ crios cothrom gaoth-tholláin/ raon rollach gaoth-tholláin
12	Comhéifeacht ualaigh friotaíochta bóthair dhearbhaithe f_0	N	Iontráil 47.1.3 den deimhniú comhréireachta	
13	Comhéifeacht ualaigh friotaíochta bóthair dhearbhaithe f_1	N/(k-m/u)	Iontráil 47.1.3 den deimhniú comhréireachta	
14	Comhéifeacht ualaigh friotaíochta bóthair dhearbhaithe f_2	N/(k-m/u)^2	Iontráil 47.1.3 den deimhniú comhréireachta	
15	Mais tástála dhearbhaithe	kg	Iontráil 47.1.1 den deimhniú comhréireachta	
16	Éileamh dearbhaithe ar fhuinneamh timthrialla (CED)	kJ	Pointe 3.2.3.2.3. d'Iarscríbhinn B7 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe	Éileamh ar fhuinneamh timthrialla thar thimthriall iomlán infheidhme WLTC Aicme a úsáidtear chun astaíocht CO_2 feithicle arna tástáil a idirshuí
17	Astaíocht CO_2 dearbhaithe	g/km	Iontráil 49.4 den deimhniú comhréireachta	Luach astaíochta CO_2 na feithicle arna tástáil; i gcás OCV-HEVanna: an muirear comhcheangailte lena gcothaítear luach astaíochta CO_2
18	Sonrú mhéid na mbonn (tosaigh/cúil)	—	—	Cód boinn (e.g. P195/55R1685H) bhoinn na feithicle tástála
19	Aicme dearbhaithe na friotaíochta rollta boinn (tosaigh/cúil)	—	Iontráil 35 den deimhniú comhréireachta	
20	Aicme na friotaíochta rollta boinn (tosaigh/cúil)	—	—	Aicme friotaíochta rollta an bhoinn a úsáidtear le haghaidh tástáil ualaigh friotaíochta bóthair nó, i gcás boinn faoi bhun aicme A, an fhriotaíocht rollta iarbhír.
22	Meánteocht	°C	—	Meánteocht arna tomhas le linn na tástála ualaigh friotaíochta bóthair; i gcás tástálacha ar bóthar amháin
23	Meánluas gaoithe	m/s	—	Meánluas gaoithe arna tomhas le linn na tástála ualaigh friotaíochta bóthair; i gcás tástálacha ar bóthar amháin

24	Meán-aerbhrú	kPa	—	Meán-aerbhrú arna thomhas le linn na tástála ualaigh friotaíochta bóthair; i gcás tástálacha ar bóthar amháin
25	Meánmhais na feithicle	kg	Iontráil 4.2.1.6. d'Iarscríbhinn B4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe	Meánmhais na feithicle arna tástáil a thomhaistear roimh nós imeachta cinnte an ualaigh friotaíochta bóthair agus ina dhiaidh
26	Comhéifeacht ualaigh friotaíochta bóthair dheireadh f_0 arna tomhas	N	Iarscríbhinn B4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe	Comhéifeacht ualaigh friotaíochta bóthair dheireadh f0 na feithicle arna tástáil tar éis na gceartúchán uile
27	Comhéifeacht ualaigh friotaíochta bóthair dheireadh f_1 arna tomhas	N/(k-m/u)	Iarscríbhinn B4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe	Comhéifeacht ualaigh friotaíochta bóthair dheireadh f1 na feithicle arna tástáil tar éis na gceartúchán uile
28	Comhéifeacht ualaigh friotaíochta bóthair dheireadh f_2 arna tomhas	$N/(k-m/u)^2$	Iarscríbhinn B4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe	Comhéifeacht ualaigh friotaíochta bóthair dheireadh f2 na feithicle arna tástáil tar éis na gceartúchán uile
29	Mais tástála	kg	Airteagal 9(2)	
30	Éileamh ar fhuinneamh timthrialla deireadh arna thomhas (CED)	kJ	3.2.3.2.3. d'Iarscríbhinn B7 a ghabhann le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe	Éileamh ar fhuinneamh timthrialla thar thimthriall iomlán infheidhme WLTC arna ríomh ó chomhéifeachtaí ualaigh friotaíochta bóthair agus ó mhais tástála arna dtomhas (iontrálacha 26 go 29)
31	Luach astaíochtaí CO_2 arna ríomh ($CO_{2,\ \text{in-service verification}}$)	g/km	Airteagal 10(1)	
32	Toradh na tástála ualaigh friotaíochta bóthair (CO_2 ratio)	—	Airteagal 10(4)	

IARSCRÍBHINN VI

Formáid tuairiscithe don fhorbhreathnú bliantúil ar fhíorúchán inseirbhíse

A. Faisnéis ghinearálta

(1)	Údarás cineálcheadaithe deonaithe	
(2)	Dáta an fhorbhreathnaithe bhliantúil	
(3)	An bhliain lena mbaineann	
(4)	An líon iomlán finte fíoraithe inseirbhíse ar eisigh an t-údarás cineálcheaduithe astaíochtaí ina leith sna 3 bliana féilire roimh an bhfíorú inseirbhíse	
(5)	An t-íoslíon finte fíoraithe inseirbhíse a ndéanfar tástáil orthu (= 3 % de phointe (4))	
(6)	An líon iomlán finte fíoraithe inseirbhíse arna dtástáil sa bhliain lena mbaineann	

B. Liosta na bhfinte fíoraithe inseirbhíse arna roghnú le haghaidh tástála

— Uimhir aitheantais na fine fíoraithe inseirbhíse roghnaithe (AITHEANTAS ISV);

— Monaróir feithiclí lena mbaineann (OEM);

— ba cheart gach monaróir ar dheonaigh an t-údarás cineálcheadaithe cineálcheadú astaíochtaí dó sna 3 bliana roimhe sin a áireamh;

— Sainaitheantóirí na fine idirshuímh feithiclí le haghaidh gach ceann de na finte fíoraithe inseirbhíse arna roghnú (AITHEANTAS IP);

— An chúis/na cúiseanna leis na finte fíoraithe inseirbhíse a roghnú (Cúis):

— ‘fianaise’ má tá an roghnú bunaithe ar Airteagal 3(2)(a);

— ‘measúnú riosca’ má tá sé bunaithe ar Airteagal 3(2)(b);

— ‘eile’ má tá aon chúis eile ann, sonraigh i bhfonóta.

AITHEAN-TAS ISV	OEM	Sainaitheantóirí na fine idirshuímh feithiclí (AITHEANTAS IP)	Cúis
1			
2			
3			
…			

C. Achoimre ar thorthaí na tástála fíorúcháin inseirbhíse

— Cineál tástála: tástáil raoin rollaigh (CDM), tástáil ualaigh friotaíochta bóthair (RL) nó tástáil straitéisí saorga (AS),

— An t-íoslíon finte fíoraithe inseirbhíse de réir an chineáil tástála atá le tástáil (Íosta), arna ríomh de réir Airteagal 4(1) mar chéatadán den líon iomlán finte fíoraithe inseirbhíse arna dtástáil (pointe A(6) den Iarscríbhinn seo).

— An líon iomlán finte fíoraithe inseirbhíse arna dtástáil de réir an chineáil tástála (Iomlán)

— An líon iomlán conclúidí de réir an chineáil tástála:

— níl aon easpa comhfhreagrais ann (Pas);

— easpa comhfhreagrais (Teip);

— níl aon chonclúid bunaithe go fóill (Ar feitheamh).

Cineál tástála	Íos.	Iomlán	Pas	Teip	Ar feitheamh
Tástáil CDM (75 %)					
Tástáil RL (50 %)					
Tástáil AS (25 %)					

D. Torthaí mionsonraithe na tástála fíorúcháin inseirbhíse le haghaidh na bliana lena mbaineann

— Uimhir aitheantais na fine fíoraithe inseirbhíse roghnaithe (AITHEANTAS ISV);

— An mhonaróir lena mbaineann (OEM);

— An cineál tástála a rinneadh (An cineál tástála): tástáil raoin rollaigh (CDM), tástáil ualaigh friotaíochta bóthair (RL) nó tástáil straitéisí saorga (AS);

— Dáta tosaigh na tástála (Dáta tosaigh) de réir Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2023/2867;

— Ainm na heagraíochta/na n-eagraíochtaí a dhéanann an tástáil (an t-údarás cineálcheadaithe deonaithe nó an tSeirbhís Theicniúil) (GTAA/TS);

— An líon feithiclí arna dtástáil (#feithiclí);

— Toradh tástála gach feithicle tástála aonair ($CO_{2,\ ratio}$);

— Conclúid na tástála (Conclúid/Diall), is é sin 'Pas', 'Teip' nó 'Ar feitheamh', lena n-áirítear méid an diallta i gcás 'Teip';

— Uimhir thagartha na tuarascála tástála (Tagairt tástála);

— Uimhir thagartha na conclúide (Tagairt conclúide).

AITHEAN-TAS ISV	OEM	Cineál tástála	Dáta tosaigh	GTAA/T-S	# feithiclí	$CO_{2,ratio}$	Con-clúid/Diall	Tagairt tástála	Tagairt conclúide
1									
2									
3									
…									

E. Torthaí mionsonraithe tástála fíorúcháin inseirbhíse, ar tuairiscíodh conclúidí ina leith mar 'Ar feitheamh' san fhorbhreathnú bliantúil roimhe seo

An bhliain lena mbai-neann	AIT-HEA-NTAS ISV	OEM	Cineál tástála	Dáta tosaigh	GTAA/TS	# feithiclí	$CO_{2,ratio}$	Conclúid/Diall	Tagairt tástála	Tagairt conclúide
…	…									